Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Standards in Public Office Commission

# Tuarascáil Bhliantúil 2025




**Neamhspleáchas**
**Neamhchlaontacht**
**Ionracas**

An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
6 Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2
D02 W773

Teileafón: (01) 6395666
Ríomhphost: info@sipo.ie
Suíomh gréasáin: www.sipo.ie
Twitter: @SIPOCIreland

ISSN: 2009-3217

Arna dearadh ag: Outburst Design

Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Standards in Public Office Commission

# Tuarascáil Bhliantúil 2025

# Clár Ábhair


An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 3

Réamhrá ón gCathaoirleach 4

Réamhrá ón Ard-Stiúrthóir 5

**Caibidil 1:** Eitic in Oifig Phoiblí 6

**Caibidil 2:** Rialú ar Mhaoiniú Polaitiúil 9

**Caibidil 3:** FOR-ROCHTAIN AGUS CUMARSÁID (lena n-áirítear Foilseacháin) 17

**Caibidil 4:** Rialachas Corparáideach 20

**Aguisín a hAon:** Tríú Páirtithe agus Deontóirí Corparáideacha arna gClárú in 2025 22

# An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí

**Is comhlacht neamhspleách é an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí a bunaíodh i mí na Nollag 2001 leis an Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001. Sa bhliain 2025, ba iad na daoine seo a leanas comhaltaí an Choimisiúin:**

- An Breitheamh Garrett Sheehan, Cathaoirleach
- An tUasal Ger Deering, Ombudsman
- Geraldine Feeney Uasal, iarchomhalta de Sheanad Éireann
- An tUasal Peter Finnegan, Cléireach Dáil Éireann
- An tUasal Martin Groves, Cléireach Seanad Éireann
- An tUasal Seamus McCarthy, an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Cuireann Oifig an Ombudsman rúnaíocht an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí ar fáil.

Tá róil mhaoirseachta ag an gCoimisiún faoi chúig phíosa reachtaíochta ar leithligh (arna leasú)

- An *tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995* agus an tAcht um *Chaighdeáin in Oifigí, Poiblí, 2001*[ar a ngairtear le chéile "na hAchtanna Eitice"];
- *an tAcht Toghcháin 1997;*
- *Acht na nOifigí Aireachta agus Parlaiminte, 1938;* agus
- *an tAcht um Rialáil Stocaireachta 2015.*

Tá ról ag an gCoimisiún freisin maidir le fiosrúcháin a dhéanamh ar neamhchomhlíonadh féideartha Chuid 15 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001.

Eisíonn an Coimisiún tuarascáil bhliantúil ar leithligh ina gcumhdaítear a ghníomhaíochtaí maidir le riaradh an Achta um Rialáil Brústocaireachta, 2015.

Is féidir tuilleadh eolais faoi fheidhmeanna an Choimisiúin a fháil ar líne ar ár suíomh gréasáin https://www.sipo.ie/about/what-we-do/



# Réamhrá ón gCathaoirleach

**Tá áthas orm tuarascáil an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (an Coimisiún) 2025 a chur i láthair Aire na Roinne Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.**

In 2025, fuair an Coimisiún 186 gearán faoi na hAchtanna Eitice ( i gcomparáid le 114 in 2024), agus 73 gearán eile a tugadh anonn ó bhlianta roimhe sin. Dhún an Coimisiún 143 gearán san iomlán i rith na bliana, agus bhain 97 díobh sin le gearáin a fuarthas in 2025. Bhí na 113 gearán eile fós faoi scrúdú agus tugadh ar aghaidh iad go dtí 2026.

Chuir an Coimisiún tús le trí fhiosrúchán réamhchéime in 2025. Ina theannta sin, tugadh ceithre fhiosrúchán réamhchéime ar aghaidh ó bhlianta roimhe sin. Bhí sé fhiosrúchán réamhchéime fós ar siúl ag deireadh na bliana. Tionóladh éisteacht réamhiarratais amháin agus éisteacht imscrúdaithe amháin in 2025, agus ní raibh aon imscrúduithe ar siúl ag deireadh na bliana. Tá tuilleadh eolais faoi obair an Choimisiúin faoi na hAchtanna Eitice leagtha amach i gCaibidil 1.

Tugtar faisnéis i gCaibidil 2 den tuarascáil seo faoi ghníomhaíochtaí an Choimisiúin in 2025 faoin Acht um Eitic, 1997 chomh maith le forbhreathnú ar phríomhfhorbairtí i réimsí tosaíochta. In 2025, dheimhnigh an Coimisiún 353 aisíoc d'iarrthóirí i ndiaidh Olltoghchán 2024, agus laghdaíodh go suntasach an meán-am a tógadh chun an deimhniú a dhéanamh.

Tugtar mionsonraí i gCaibidil 3 maidir le gníomhaíochtaí cumarsáide agus for-rochtana a rinneadh in 2025 chun eolas agus feasacht ar na hoibleagáidí reachtúla a bhaineann leis na hAchtanna atá faoi chúram an Choimisiúin a fheabhsú.

Thar ceann an Choimisiúin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann an Choimisiúin, agus leis an bhfoireann tacaíochta in Oifig an Ombudsman i gcoitinne as a n-obair chrua i rith na bliana seo caite.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom an deis seo a thapú freisin gach rath a ghuí ar mo réamhtheachtaí, Garrett Sheehan, agus táim ag súil leis an dúshlán a bhaineann le post an Chathaoirligh don oifig thábhachtach seo a fhreagairt.



**Elizabeth Dunne**
*Cathaoirleach*



# Réamhrá ón Ard-Stiúrthóir

**Ba mhaith liom ár bhfoireann a mholadh as an obair chrua a rinne siad i rith na bliana agus iad ag bainistiú réimse oibre leathan agus éagsúil, lena n-áirítear méadú ar líon na ngearán a fuarthas faoin reachtaíocht Eitice agus próiseáil tuairisceáin airgeadais toghcháin. Bhí méid suntasach oibre le déanamh freisin in 2025 a bhain le hOlltoghchán 2024. Tá feabhas leanúnach tagtha freisin ar an rochtain ar fhaisnéis a cuireadh ar ais chuig an gCoimisiúin, agus tá an fhoireann ag uaslódáil na dtuairisceán sin go pras chuig ár suíomh gréasáin SIPO.ie ae mhaithe lena n-iniúchadh láithreach ag an bpobal.**

Tacaíonn ár "ndromlach corparáideach" le neamhspleáchas an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí agus soláthraíonn sé tacaíochtaí riachtanacha cúloifige amhail AD, TFC, Airgeadas, Soláthar, Áiseanna, Dlí  Cumarsáid agus tacaíochtaí eile. Cuireann sé seo ar chumas na foirne díriú ar obair an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí cé go ndearnadh ionsaí cibearshlándála randamach ar roinnt dár gcórais TFC ag deireadh 2025, is beag an tionchar a bhí aige seo ar oibríochtaí an Choimisiúin, ar an dea-uair.

Leagtar amach ár bpríomhchuspóirí inár Ráiteas Straitéise – "I dTreo 2030"-, lena n-áirítear sainordú rialála an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí a chomhlíonadh agus a chinntiú go dtugtar an tacaíocht is gá don Choimisiún chun comhlíonadh a fheabhsú i réimsí na brústocaireachta, na heitice agus cúrsaí toghcháin; treoirlínte, comhairle agus Ceisteanna Coitianta atá soiléir, cuimsitheach agus tráthúil a fhorbairt; leanúint de chláir fhor-rochtana lena chinntiú go bhfuil daoine a bhfuil oibleagáidí orthu ar an eolas faoi na ceanglais sin agus go dtuigeann siad iad, agus go méadaítear feasacht ar ról an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí  chomh maith le hathbhreithniú a dhéanamh ar ár modhanna oibre agus éifeachtúlachtaí a aithint agus a chur i bhfeidhm trí theicneolaíocht agus agus trí dhigitiú méadaithe.

Táim ag súil le bheith ag obair leis an gCoimisiún chun an straitéis seo a chur i bhfeidhm.



**Elaine Cassidy**
*Ard-Stiúrthóir*

# Caibidil

# 1

# Eitic in Oifig Phoiblí

# Caibidil a hAon: Eitic in Oifig Phoiblí

**Tugtar faisnéis sa chaibidil seo faoi ghníomhaíochtaí an Choimisiúin in 2025 faoi na hAchtanna Eitice, chomh maith le forbhreathnú ar phríomhfhorbairtí i réimsí tosaíochta.**

## Nochtadh Leasanna - Rialacháin na nAchtanna Eitice

In 2025, rinneadh nuashonrú ar na rialacháin lena bhforordaítear poist ainmnithe fostaíochta sa státseirbhís agus sna seirbhísí poiblí níos leithne, chomh maith le stiúrthóireachtaí comhlachtaí Stáit, den chéad uair ó bhí 2018 ann. Mar thoradh air sin, tugadh líon mór stiúrthóireachtaí agus post fostaíochta breise ar fud na seirbhíse poiblí faoi raon feidhme an Achta um Eitic.

Chuir an Coimisiún a imní in iúl roinnt uaireanta faoin ngá atá leis na rialacháin seo a nuashonrú. Cuireann an Coimisiún fáilte roimh an nuashonrú seo agus oibreoidh sé chun comhlachtaí a thagann faoi raon feidhme na rialachán den chéad uair a chur ar an eolas faoina n-oibleagáidí faoi na hAchtanna um Eitic.

Tá an Coimisiún fós den tuairim, i gcás ina bhfuil comhlacht nua á bhunú nó ina ndéantar comhlachtaí atá ann cheana a chumasc, gur cheart forordú stiúrthóireachtaí ainmnithe agus poist fostaíochta ainmnithe a mheas mar chuid chaighdeánach den phróiseas bunaithe. Chinnteodh sé seo go bhféadfadh baill foirne ábhartha de chomhlachtaí nuabhunaithe nó de chomhlachtaí a tháinig chun cinn trí chumasc, a thagann anois faoi raon feidhme na n-oibleagáidí maidir le leasanna a nochtadh faoi na hAchtanna um Eitic, a n-oibleagáidí a chomhlíonadh go tráthúil.

## Imréiteach Cánach

### Ceapaithe chuig Oifig Shinsearach

Bíonn oibleagáidí áirithe maidir le himréiteach cánach ar dhuine a cheaptar chuig 'oifig shinsearach' chun críocha na nAchtanna Eitice. Go sonrach, ceanglaítear ar cheapaithe chuig poist den sórt sin dearbhú reachtúil a thabhairt don Choimisiún laistigh de naoi mí ón gceapachán, dearbhú a dhéanfar laistigh de mhí amháin ar gach taobh den cheapachán agus deimhniú imréitigh cánach a eiseofar laistigh de naoi mí ar gach taobh den cheapachán.

Cuireadh an Choimisiún ar an eolas faoi 332 ceapachán chuig oifig shinsearach ag comhlachtaí poiblí le linn 2025, suas beagán ó 317 in 2024.

### Comhaltaí an Oireachtais

Tar éis an Olltoghcháin ar an 29 Samhain 2024 agus toghadh/ceapadh na seanadóirí, ceanglaíodh ar gach comhalta den Oireachtas dearbhú reachtúil agus deimhniú imréitigh cánach a chur isteach laistigh de naoi mí ó toghadh iad nó ó ainmníodh iad. Phróiseáil an Coimisiún na haighneachtaí sin de réir mar a fuarthas iad ó chomhaltaí i rith 2025, agus bhí 233 comhalta tar éis na ceanglais a chomhlíonadh. Bhí tuairisceán amháin ó chomhalta den Oireachtas nach bhfuarthas fós ag deireadh na bliana.

I gcomhréir le cuspóirí an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí maidir le hathbhreithniú agus sruthlíniú a dhéanamh ar phróisis oibríochtúla, mar atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise reatha, Straitéis 2025, d'oibrigh foireann an Choimisiúin chun a nósanna imeachta maidir le deimhnithe imréitigh cánach a nuashonrú d'fhonn próiseas níos éifeachtúla a chinntiú agus leibhéal an chomhlíonta a mhéadú.

# Leasú Eitice

Chuir an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, agus Athchóirithe athbhreithniú ar an reachtaíocht eitice i gcrích ag deireadh na bliana 2022, agus d'fhoilsigh an Roinn é i mí Feabhra 2023. Dírítear moltaí an athbhreithnithe ar chúig théama atá beartaithe chun aghaidh a thabhairt ar theorainneacha an chreata reachtúil reatha:

- Creat reachtaíochta le haghaidh eitic atá bunaithe ar shraith prionsabal uileghabhálacha maidir le hionracas;
- Toirmisc reachtúla nua, lena n-áirítear toirmeasc ar úsáid faisnéise ón taobh istigh;
- Neartú a dhéanamh ar cheanglais maidir le nochtadh chun trédhearcacht a fheabhsú agus scrúdú a dhéanamh ar cheart don chóras níos mó sealbhóirí oifige a chuimsiú;
- An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí a neartú;
- Srianta fostaíochta iar-théarma d'oifigigh tofa/seirbhísigh phoiblí a dhíríonn ar nithe nach bhfuil clúdaithe cheana féin ag rialachán brústocaireachta agus ba cheart dóibh a bheith i gcomhréir go dlúth leis an reachtaíocht sin.

Chinn an Rialtas, de bhun an athbhreithnithe, údarú a thabhairt chun scéim ghinearálta reachtaíochta nua eitice a dhréachtú. Leantar den obair sin. Tugann an Coimisiún faoi deara go bhfuil gealltanas sa Chlár Rialtais a foilsíodh i mí Eanáir 2025 an reachtaíocht um Eitic in Oifigí Poiblí a athchóiriú agus a dhaingniú.

Fáiltíonn an Coimisiún roimh ghealltanas an Rialtais reachtaíocht nua eitice a thabhairt chun cinn agus tá cúnamh teicniúil curtha ar fáil aige don Roinn agus an reachtaíocht á hullmhú aici, ag tarraingt ar a thaithí oibríochtúil maidir leis na hAchtanna um Eitic.

Tá an Coimisiún ag súil le cúnamh teicniúil leanúnach a chur ar fáil don Roinn maidir leis an obair seo, de réir mar is gá.

# Gearáin

In 2025, fuair an Coimisiún 186 gearán faoi na hAchtanna um Eitic, chomh maith le 73 gearán eile a tugadh anonn ó bhlianta roimhe sin. Dhún an Coimisiún 143 gearán san iomlán i rith na bliana, agus bhain 97 díobh sin le gearáin a fuarthas in 2025. Bhí na 113 gearán eile fós faoi scrúdú agus tugadh ar aghaidh iad go dtí 2026.

Chuir an Coimisiún tús le trí fhiosrúchán réamhchéime in 2025. Ina theannta sin, tugadh ceithre fhiosrúchán réamhchéime ar aghaidh ó bhlianta roimhe sin. Bhí sé fhiosrúchán réamhchéime fós ar siúl ag deireadh na bliana. Tionóladh éisteacht réamhiarratais amháin agus éisteacht imscrúdaithe amháin in 2025, agus ní raibh aon imscrúduithe ar siúl ag deireadh na bliana.

**Réamhéisteacht Iarratais maidir le Kenneth O'Flynn, iar-Chomhairleoir, Comhairle Cathrach Chorcaí –** Bhí sé beartaithe fiosrúchán iomlán a dhéanamh, ach ní dheachaigh sé ar aghaidh é tar éis réamhéisteacht iarratais a tionóladh i mí Iúil 2025. Is féidir tuarascáil an Choimisiúin maidir leis an ábhar seo a léamh ina hiomláine anseo.

**Fiosrúchán maidir le Tommy Reilly, iar-Chomhairleoir, Comhairle Contae na Mí –**
Sa chás seo, rinne an Coimisiún cinneadh i gcoinne an Chomhairleora Reilly. Is féidir cinneadh an Choimisiúin a léamh ina iomláine l anseo.

# Caibidil

# 2

# Rialú ar Mhaoiniú Polaitiúil

# Caibidil a Dó: Rialú ar Mhaoiniú Polaitiúil

**Foráiltear leis an Acht Toghcháin 1997 (an tAcht Toghcháin) do thacaíocht mhaoinithe phoiblí do pháirtithe polaitiúla incháilithe, d'ionadaithe poiblí agus d'iarrthóirí toghcháin. Rialaíonn an tAcht freisin tabhairt agus glacadh síntiús polaitiúil agus leagann sé amach an creat maidir le tuairisciú ar chúrsaí airgeadais polaitiúla, chomh maith le foilsiú na dtuarascálacha sin.**

Tugtar faisnéis sa chaibidil seo faoi ghníomhaíochtaí an Choimisiúin in 2025 faoi fhorálacha an Achta Toghcháin, chomh maith le forbhreathnú ar na príomhfhorbairtí i réimsí tosaíochta.

## Maoiniú Státchiste do Pháirtithe Polaitíochta

Féadfaidh páirtithe polaitiúla bheith incháilithe do mhaoiniú ón Státchiste faoin Acht Toghcháin bunaithe ar an gcéatadán vótaí a fuair siad sa toghchán deireanach do Dháil Éireann. Féadfar an maoiniú sin a úsáid chun críocha riaracháin sonraithe, ach ní cheadaítear é a úsáid chun críocha toghcháin ná reifrinn. Féadfar aon mhaoiniú nár úsáideadh sa bhliain roimhe sin a thabhairt ar aghaidh lena úsáid sa bhliain dár gcionn.

Maidir leis na ráitis a cuireadh isteach in 2025, cháiligh seacht bpáirtí polaitiúla do mhaoiniú ón Státchiste faoin Acht (Fianna Fáil, Fine Gael, an Comhaontas Glas, an Comhaontas Pobal seachas Brabús – Neart le Chéile, Sinn Féin, na Daonlathaigh Shóisialta agus Páirtí an Lucht Oibre).

Íoctar le gach páirtí polaitiúil incháilithe méid an ráta comhréidh de €126,974 in aghaidh na bliana agus sciar de shuim bhliantúil a socraíodh in 2001 ag €3,809,214 agus atá méadaithe ó shin i gcomhréir leis na harduithe ginearálta pá sa státseirbhís.

Bá é €6,449,106 luach an chiste don bhliain 2024, lena n-áirítear an méid ráta comhréidh. Tugtar achoimre ar an maoiniú a fuair páirtithe polaitiúla in 2024 sa tábla thíos.

**Tábla 1:** *Maoiniú a fuair páirtithe polaitíochta ón Státchiste in 2024*

| Páirtithe polaitíochta incháilithe | Iarmhéid deiridh 2023 € | Maoiniú a fuarthas do 2024 € | Caiteachas in 2024 € | Iarmhéid deiridh 2024 € |
|---|---|---|---|---|
| **Fianna Fáil** | 535,816 | 1,594,406 | 2,116,577 | 13,645 |
| **Fine Gael** | 329,756 | 1,509,043 | 1,752,247 | 86,552 |
| **Comhaontas Glas** | 4,566 | 574,916 | 579,482 | - |
| **An Comhaontas Pobal Seachas Brabús / Neart Le Chéile** | 18,204 | 302,559 | 319,433 | 1,330 |
| **Sinn Féin** | 2,299,347 | 1,718,933 | 2,459,030 | 1,559,250 |
| **Na Daonlathaithe Sóisialta** | 285,779 | 330,771 | 538,842 | 77,708 |
| **Páirtí an Lucht Oibre** | 91,063 | 418,478 | 479,290 | 30,251 |
| **Iomlán** | **3,564,531** | **6,449,106** | **8,244,901** | **1,768,736** |

Ní fhéadfar an maoiniú a fhaightear a chur i bhfeidhm ar chostais toghcháin ná reifrinn, ná a úsáid chun costais den sórt sin a aisghabháil. Éilíonn an Coimisiún ar oifigeach cuí an pháirtí a dhearbhú nár úsáideadh aon chuid den mhaoiniú chun críocha toghcháin ná reifrinn. Dúirt gach duine den seachtar oifigeach cuí a chuir tuairisceáin isteach do 2024 nár úsáideadh an maoiniú chun na gcríoch sin.

Tá tuilleadh sonraí faoin maoiniú, lena n-áirítear an chaoi ar caitheadh é agus na ráitis a théann leis, ar fáil ag www.sipo.ie.

## Liúntas Gníomhaíochtaí Parlaiminte

Féadfaidh ceannairí páirtithe agus comhaltaí neamhspleácha den Oireachtas maoiniú a fháil faoin Acht um Oifigí Aireachta agus Parlaiminte 1938, ar a dtugtar go neamhfhoirmiúil an Liúntas do Ghníomhaíochtaí Parlaiminte. Tá an liúntas seo le híoc i leith costas a eascraíonn as gníomhaíochtaí parlaiminte, lena n-áirítear taighde, de chuid páirtí nó duine cáilithe.

Tá ról maoirseachta ag an gCoimisiún maidir le caiteachas an mhaoinithe seo. Ceanglaítear ar fhaighteoirí an mhaoinithe ráitis maidir le caiteachas na liúntas a chur isteach. Foilsíonn an Coimisiún na ráitis sin agus déanann sé iad a athbhreithniú freisin le haghaidh comhlíonta agus téann sé i gcomhairle le ceannairí páirtithe parlaiminte / comhaltaí neamhspleácha nuair is gá agus nuair a ardaítear ceisteanna.

Bunaithe ar an eolas a cuireadh ar fáil maidir leis na ráitis a cuireadh isteach in 2025, tá an Coimisiún sásta nach bhfuil aon fhianaise ann ar neamhchomhlíonadh na bhforálacha ábhartha agus tugann sé dá aire gurbh é seo a leanas an maoiniú a cuireadh ar fáil i leith na bliana 2024:

- Ba é €8,276,000 an maoiniú iomlán a cuireadh ar fáil do cheannairí na naoi bpáirtí incháilithe don bhliain 2024.
- B’ionann an maoiniú a cuireadh ar fáil do chomhaltaí neamh-pháirtí de chuid Dháil Éireann agus €713,000 don bhliain 2024.
- B’ionann an maoiniú a cuireadh ar fáil do chomhaltaí neamh-pháirtí de chuid Dháil Éireann agus €215,000 don bhliain 2024.

Tá na ráitis maidir leis an Liúntas do Ghníomhaíochtaí Parlaiminte agus tuarascálacha na n-iniúchóirí ar fáil www.sipo.ie.

## Ráitis Bhliantúla Chuntas na bPáirtithe Polaitiúla 2024

Ní mór do pháirtithe polaitiúla atá cláraithe in Éirinn ráitis bhliantúla iniúchta chuntas don bhliain roimhe sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meitheamh gach bliain. Ní mór do na ráitis chuntas seo gach ioncam, caiteachas, sócmhainn agus dliteanas a chumhdach, lena n-áirítear iad siúd de chuid eagraíochtaí fochuideachta. Foilsíonn An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí na ráitis sin chun trédhearcacht a chinntiú agus chun comhlíonadh an Achta Toghcháin a chur chun cinn.

D’fhoilsigh an Coimisiún treoirlínte athbhreithnithe maidir le leagan amach na ráiteas cuntas i mí Dheireadh Fómhair 2024. Ní mór na treoirlínte a leanúint don tréimhse chuntasaíochta 2025 agus do thréimhsí ina dhiaidh sin, ach bhí saoirse ag páirtithe polaitiúla na hathruithe sin a ghlacadh ina ráitis chuntas do 2024 más mian leo.

D’fhoilsigh an Coimisiún na ráitis chuntas a chuir páirtithe polaitiúla faoina bhráid in 2025 maidir leis an mbliain 2024 ar www.sipo.ie.

Phléigh an Coimisiún gach ceann de na ráitis chuntas a fuarthas; bhí cuid acu i gcomhréir shubstaintiúil leis na treoirlínte athbhreithnithe agus ní raibh aon obair leantach de dhíth ina leith. Nuair a fuarthas nach raibh ráitis comhlíontach, chuir an Coimisiún ceisteanna, agus tugadh deis do na páirtithe freagra a thabhairt go dtí gur thug siad faoi na saincheisteanna a ardaíodh ar bhealach sásúil.

Tar éis dó na cuntais a cuireadh ar fáil a athbhreithniú, dheimhnigh an Coimisiún go raibh gach páirtí polaitiúil a bhí incháilithe do mhaoiniú poiblí in 2024 comhlíontach leis na treoirlínte. Chuir seacht bpáirtí polaitiúla eile ráitis chuntas isteach nach ndearnadh iniúchadh orthu. Níor chuir 13 pháirtí aon tuairisceán isteach. Tá tuarascáil iomlán an Choimisiúin ar fáil ar www.sipo.ie.

# Síntiúis Pholaitiúla a Thuairisciú

## Ráitis Bhliantúla maidir le Síntiúis – Teachtaí Dála, Seanadóirí agus Feisirí de Pharlaimint na hEorpa

Bhí ar dhuine ar bith a bhí ina Theachta Dála, ina Sheanadóir nó ina Fheisire de Pharlaimint na hEorpa in 2024 Ráiteas maidir le Síntiúis a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeáin faoin 31 Eanáir 2025.

Bhí sé de cheangal síntiúis a fuarthas le linn 2024 a raibh luach níos mó ná €600 orthu a nochtadh.

Ní mór síntiúis ón duine céanna sa bhliain chéanna a chomhiomlánú chun críocha an tairseach nochta agus na huasteorann glactha (€1,000) a chomhlíonadh.

Léirítear sa tábla thíos iomlán na síntiús a nocht Teachtaí Dála, Seanadóirí agus Feisirí de Pharlaimint na hEorpa.

**Tábla 2:** *Iomlán na síntiús a nocht Teachtaí Dála, Seanadóirí agus Feisirí de Pharlaimint na hEorpa.*

| | Luach Iomlán na Síntiús a Nochtadh<br>€ |
|---|---|
| **TDanna** | 70,777 |
| **Seanadóirí** | 34,732 |
| **Feisirí de Pharlaimint na hEorpa** | 2,500 |

## Ráitis Bhliantúla maidir le Síntiúis – Páirtithe Polaitiúla

Bhí ar gach páirtí polaitiúil Ráiteas maidir le Síntiúis in 2024 a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí faoin 31 Márta 2025. Ní mór do pháirtí polaitiúil síntiúis a fuarthas a bhfuil luach comhiomlán níos mó ná €1,500 acu a nochtadh. Is é €2,500 an luach uasta síntiús ar féidir le páirtí polaitiúil glacadh leis ón duine céanna laistigh den bhliain féilire chéanna.

Ní mór síntiúis ón duine céanna sa bhliain chéanna a chomhiomlánú chun críocha nochta agus na huasteorann glactha a chomhlíonadh.

Ba é €198,607 luach iomlán na síntiús a nocht páirtithe polaitiúla le linn 2024.

Léirítear sa tábla thíos iomlán na síntiús de réir Pháirtí Polaitiúil

**Tábla 3:** *Iomlán na Síntiús a Nocht Páirtithe Polaitiúla.*

| | Luach Iomlán na Síntiús a Nochtadh € |
|---|---|
| **Aontú** | 10,000 |
| **Fianna Fáil** | 4,000 |
| **Fine Gael** | 49,134 |
| **An Comhaontas Glas** | 17,792 |
| **Páirtí an Lucht Oibre** | 31,550 |
| **Sinn Féin** | 65,599 |
| **Neart le Chéile-Pobal Seachas Brabús** | 22,032 |
| **Iomlán** | **198,607** |

## Deontóirí Aonair

Faoi alt 24(1A)(a) den Acht Toghcháin, ní mór d'aon deontóir (cibé acu duine aonair nó corparáideach é) a dhéanann síntiúis os cionn luach comhiomlán €1,500 sa bhliain chéanna do bheirt nó níos mó a bhí ina mbaill den pháirtí polaitíochta céanna, nó do pháirtí polaitíochta agus do chomhalta amháin nó níos mó dá chomhaltaí, ráiteas síntiúis/dearbhú reachtúil a sholáthar don Choimisiún.

Tá ráitis maidir le síntiúis ó dheontóirí aonair ar fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin ag www.sipo.ie.

## Clár na nDeontóirí Corparáideacha

Is éard is deontóir corparáideach ann aon chorparáid nó comhlacht neamhchorpraithe daoine a dhéanann síntiús (nó síntiúis) chun críocha polaitiúla. Ní mór do dheontóirí corparáideacha ar mian leo síntiúis pholaitiúla a dhéanamh ar fiú níos mó ná €200 iad clárú leis an gCoimisiún. Déantar an clár seo a nuashonrú ar bhonn bliantúil. Déanann an Coimisiún teagmháil le cláraithe ag deireadh na bliana clárúcháin ghníomhaigh agus iarrann sé orthu a dhearbhú an bhfuil sé beartaithe acu fanacht ar an gclár don bhliain dár gcionn.

Murab ionann agus tríú páirtithe, níl aon oibleagáidí tuairiscithe ann go sonrach do dheontóirí corparáideacha cláraithe. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé go mbeadh oibleagáid orthu ráiteas síntiús agus dearbhú reachtúil a chur isteach faoi alt 24(1A)(a) den Acht Toghcháin 1997 má dhéanann siad síntiúis a sháraíonn luach comhiomlán €1,500 sa bhliain chéanna do bheirt nó níos mó a bhí ina mbaill den pháirtí polaitíochta céanna, nó do pháirtí polaitíochta agus do dhuine amháin nó níos mó dá chomhaltaí.

In 2025, bhí 11 deontóirí corparáideacha cláraithe leis an gCoimisiún.

Coinnítear liosta d'eagraíochtaí atá cláraithe mar dheontóirí corparáideacha agus foilsítear é ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin. Tá liosta de dheontóirí corparáideacha a cláraíodh in 2025 san áireamh in Aguisín 1 den tuarascáil seo.

## Síntiúis Pholaitiúla do 'Thríú Páirtithe'

Is éard is tríú páirtí ann aon duine aonair nó eagraíocht, seachas páirtí polaitiúil, a ghlacann le síntiús níos mó ná €100 chun críocha polaitiúil. Nuair a fhaigheann duine aonair nó eagraíocht síntiús os cionn na tairsí sin, ní mór dóibh clárú leis an gCoimisiún mar thríú páirtí, agus bíonn oibleagáidí tuairiscithe bliantúla orthu ina dhiaidh sin.

Foilsítear liosta de na tríú páirtithe a chuir tuairisceáin isteach in 2025 ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.  Tá liosta de thríú páirtithe a chuir tuairisceáin isteach do 2025 san áireamh in Aguisín 1 den tuarascáil seo.

## Olltoghchán 2024

Lánscoireadh an 33ú Dáil ar an 8 Samhain 2024 agus reáchtáladh an vótáil don olltoghchán chuig an 34ú Dáil ar an 29 Samhain 2024. Chuaigh 685 iarrthóir san iomaíocht sa toghchán.

### *Ráitis Síntiús*

Bhí ar na hiarrthóirí ar éirigh leo, mar chomhaltaí de Dháil Éireann, ráiteas bliantúil maidir le síntiúis agus an cháipéisíocht ghaolmhar a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Eanáir 2025. Ní mór do na ráitis maidir le síntiúis a chuirtear faoi bhráid an Choimisiúin i leith na bliana 2024 ag comhaltaí de Dháil Éireann sonraí a áireamh faoi aon síntiúis a fuair siad le linn 2024 i ndáil leis an toghchán.

Bhí ar iarrthóirí nár éirigh leo san olltoghchán, laistigh de 56 lá tar éis lá na vótála (is é sin, faoin 24 Eanáir 2025), ráiteas maidir le síntiúis, deimhniú maidir le síntiúis airgid, dearbhú reachtúil agus, más infheidhme, ráiteas ó chuntas bainc do shíntiúis pholaitiúla a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Bhí sé de cheangal sonraí faoi gach síntiús a raibh luach níos mó ná €600 air agus a fuair iarrthóirí nár éirigh leo i ndáil leis an toghchán a nochtadh.

Nocht na ráitis maidir le síntiúis a fuarthas ó iarrthóirí nár éirigh leo síntiúis a raibh luach comhiomlán €113,150 acu.

### *Ráitis faoi Chaiteachais Toghcháin*

Bhí ar gach iarrthóir/gníomhaire toghcháin ráiteas maidir le caiteachais toghcháin a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeáin faoin 24 Eanáir 2025.

Tá na tuairisceáin uile a cuireadh isteach ar fáil ag www.sipo.ie.

B'ionann an caiteachas iomlán a dhearbhaigh gníomhairí náisiúnta agus gníomhairí toghcháin ag Olltoghchán Dháil Éireann beagnach €9.3 milliún. Leagtar amach sa tábla thíos miondealú ar an gcaiteachas seo de réir páirtí polaitiúil.

**Tábla 4:** *An caiteachas iomlán a tuairiscíodh ag an toghchán de réir páirtí polaitiúil (lena n-áirítear caiteachas náisiúnta an pháirtí agus caiteachas na n-iarrthóirí).*

| Páirtí Polaitiúil | Caiteachas an Ghníomhaire Toghcháin/an Iarrthóra. € | Caiteachas an ghníomhaire náisiúnta/ an pháirtí ar iarrthóirí. € | Caiteachas náisiúnta an ghníomhaire náisiúnta/an pháirtí ("Caiteachas Náisiúnta"). € | Caiteachas iomlán € |
|---|---|---|---|---|
| **Cúiteamh 100%** | 15,101 | - | - | 15,101 |
| **Aontú*** | 174,375 | 76,444 | 159,111 | 409,930 |
| **Centre Party of Ireland** | - | N/A | N/A | - |
| **Fianna Fáil** | 1,228,058 | 408,938 | 626,538 | 2,263,534 |
| **Fine Gael** | 1,407,344 | 365,308 | 895,196 | 2,667,848 |
| **Comhaontas Glas** | 227,820 | 35,727 | 36,744 | 300,291 |
| **Éire Neamhspleách** | 183,456 | - | - | 183,456 |
| **Neamhspleáigh ar son an Athraithe** | 33,698 | - | - | 33,698 |
| **Ireland First** | 5,488 | N/A | N/A | 5,488 |
| **Saoirse na hÉireann** | 57,327 | 476 | - | 57,803 |
| **Irish People** | 12,102 | N/A | N/A | 12,102 |
| **Páirtí an Lucht Oibre** | 472,730 | 139,891 | 98,002 | 710,623 |
| **The Right to Change Party** | 17,503 | - | - | 17,503 |
| **Liberty Republic** | N/A | N/A | N/A | - |
| **An Páirtí Náisiúnta** | 4,365 | N/A | N/A | 4,365 |
| **Neamhspleách** | 923,742 | - | - | 923,742 |
| **Party for Animal Welfare** | 357 | - | - | 357 |
| **Rabharta** | N/A | N/A | N/A | - |
| **Sinn Féin** | 696,688 | 92,124 | 205,034 | 993,846 |
| **Na Daonlathaithe Sóisialta** | 335,025 | 46,845 | 53,899 | 435,769 |
| **Neart le Chéile-Pobal Seachas Brabús** | 161,135 | 68,129 | 19,835 | 249,099 |
| **Iomlán** | 5,956,313 | 1,233,882 | 2,094,358 | 9,284,553 |

**Tá dúbláil caiteachais i bhfigiúirí dearbhaithe Aontú idir caiteachas an ghníomhaire náisiúnta agus caiteachas na n-iarrthóirí aonair.*

### *Aisíocaíochtaí Deimhnithe*

As an 685 iarrthóir a sheas in Olltoghchán Dháil Éireann 2024, cháiligh 354 iarrthóir d'aisíocaíocht ar a gcaiteachais toghcháin. Ba é €11,200 an t-uasmhéid a d'fhéadfaí a aisíoc, nó, más lú é, an méid iarbhír de na caiteachais toghcháin a tabhaíodh thar ceann an iarrthóra.

Chun cáiliú d'aisíocaíocht, ní mór d'iarrthóir

- a bheith tofa;
- mura dtoghtar iad, níos mó ná an ceathrú cuid den chuóta ag aon chéim de chomhaireamh na vótaí.

D'uaslódáil foireann an Choimisiúin gach tuairisceán a fuarthas go pras chun a chinntiú go raibh siad ar fáil don phobal lena n-iniúchadh gan mhoill. Díríodh ansin ar scrúdú a dhéanamh ar gach tuairisceán a cuireadh isteach agus ar dheimhniú go raibh caiteachas incháilithe tabhaithe ag gach iarrthóir cáilitheach le linn thréimhse an toghcháin. Cuireadh toradh an phróisis sin in iúl don Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, agus rinne an Roinn sin an íocaíocht ina dhiaidh sin.

Go dtí seo, tá aisíocaíochtaí deimhnithe ag an gCoimisiún a bhfuil luach comhiomlán os cionn €3.6 milliún acu.

## Toghchán Uachtaráin 2025

Reáchtáladh an toghchán uachtaráin ar an 24 Deireadh Fómhair 2025. Chun cabhrú leis na hiarrthóirí toghcháin agus lena bhfoirne a n-oibleagáidí a chomhlíonadh, d'fhoilsigh an Coimisiún Treoirlínte don Toghchán Uachtaráin ar an 5 Meán Fómhair 2025. Chlúdaigh na treoirlínte na príomhriachtanais den Acht Toghcháin a bhaineann le síntiúis pholaitiúla, an t-uasmhéid caiteachais toghcháin a cheadaítear, agus na coinníollacha maidir le haisíocaíocht caiteachais toghcháin d'iarrthóirí incháilithe.

Bhí ar ghníomhairí toghcháin na n-iarrthóirí ráiteas maidir le síntiúis agus ráiteas maidir le caiteachais toghcháin a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 19 Nollaig 2025. Ba é €750,000 an teorainn chaiteachais a bhí ceadaithe do gach iarrthóir aonair sa toghchán uachtaráin. Bhí teorainneacha síntiús i bhfeidhm freisin i dtoghchán uachtaráin: ní mór síntiúis a bhfuil luach níos mó ná €600 orthu (nó síntiúis ón duine céanna a bhfuil luach comhiomlán níos mó ná €600 acu) a nochtadh. Is é €1,000 an síntiús uasta ar féidir le hiarrthóir glacadh leis.

Tugtar achoimre ar na caiteachais a tabhaíodh agus ar na síntiúis a nochtadh sa tábla thíos.

**Tábla 5:** *Caiteachais toghcháin agus síntiúis a nochtadh i leith na n-iarrthóirí.*

| Ainm an iarrthóra. | Gníomhaire Toghchán Uachtaráin | Caiteachais toghcháin a tabhaíodh. | Luach comhiomlán na síntiús níos mó ná €600. |
|---|---|---|---|
| **Catherine Connolly** | Maria Kim Brown | €427,249 | €39,485 |
| **Jim Gavin** | David Burke | €392,960 | €9,000 |
| **Heather Humphreys** | John Carroll | €620,445 | — |
| | **Iomlán** | **€1,440,654** | **€48,485** |

# Caibidil

# 3

## FOR-ROCHTAIN AGUS CUMARSÁID (lena n-áirítear Foilseacháin)

# Caibidil 3: For-rochtain agus Cumarsáid (lena n-áirítear Foilseacháin)

**Leagtar amach thíos achoimre ar an bpríomhobair for-rochtana agus chumarsáide a rinne An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, lena n-áirítear foilseacháin shuntasacha, le linn 2025.**

## Eanáir

Cur i láthair ar líne do chomhaltaí an Oireachtais agus don fhoireann maidir le hoibleagáidí reachtúla faoin Acht um Eitic, an tAcht Toghcháin, 1997, an tAcht um Ghníomhaíochtaí Aireachta agus Parlaiminte 1938, agus an tAcht um Rialáil Brústocaireachta 2015;

Feachtas ríomhphoist dírithe ar chomhaltaí an Oireachtais maidir lena n-oibleagáidí reachtúla.

## Feabhra

Cruinniú le hionadaithe ón gCoimisiún Eorpach maidir leis an dréacht-thuarascáil ar an Smacht Reatha

## Aibreán

Foilsíodh Ráitis Chuntas na bPáirtithe Polaitiúla 2023: Tuarascáil chuig Cathaoirleach Dháil Éireann de bhun alt 88(1) den Acht Toghcháin 1997, arna leasú.

Cruinniú leis an gCoimisiún Toghcháin chun plé a dhéanamh ar Athbhreithniú an Choimisiúin Toghcháin ar an Acht Toghcháin 1997, arna leasú.

## Meitheamh

Cur i láthair do Chláraitheoirí Eitice na n-údarás áitiúil arna eagrú ag an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil.

Foilsíodh Tuarascáil Bhliantúil 2024 an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí.

## Iúil

Foilsíodh Cinneadh an Choimisiúin maidir le Réamhéisteacht Iarratais i ndáil le Gearán chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí faoin Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995, an Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001 agus Cuid 15 den Acht Rialtais Áitiúil 2001 i ndáil leis an Uasal Kenneth O'Flynn, TD (iar-Chomhairleoir), Comhairle Cathrach Chorcaí.

Foilsíodh Tuarascáil ar an bhFiosrúchán a rinne an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí maidir le Sáruithe Líomhainte ar na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001 agus ar Chuid 15 den Acht Rialtais Áitiúil 2001 ag an Uasal Tommy Reilly (iar-Chomhairleoir).

Foilsíodh Maoiniú Páirtithe Polaitiúla ón Státchiste in 2023 agus 2024: Tuarascáil chuig Cathaoirleach Dháil Éireann de bhun alt 4(1) den Acht Toghcháin 1997.

## Meán Fómhair

Foilsíodh Treoirlínte don Toghchán na hUachtaráin a bhí le reáchtáil an 24 Deireadh Fómhair 2025.

## Deireadh Fómhair

Cruinniú le hionadaithe ón Oifig um Institiúidí Daonlathacha agus Cearta an Duine faoin Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip.

## Samhain

Feachtas ríomhphoist dírithe ar na teagmhálaithe eitice i ngach comhlacht poiblí ábhartha, ina leagtar amach na hoibleagáidí a bhaineann le tuairisceáin bhliantúla maidir le leasanna a nochtadh.

## Nollaig

Ceisteanna Coitianta (CCanna) maidir leis an gCibearionsaí ar sipo.ie chun úsáideoirí seirbhíse a choinneáil ar an eolas.

### Foilsiú Ráiteas agus Tuairisceán Eile ar líne

Rinneadh an próiseas chun ráitis a bhaineann le toghcháin a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin a bharrfheabhsú freisin, ionas go n-uaslódáiltear na ráitis níos luaithe i ndiaidh toghchán agus go gcuirtear i láthair iad i bhformáid níos soiléire agus níos éasca le cuardach.

Tríd an tréimhse a laghdú maidir leis an am a bhfaightear agus a fhoilsítear ráitis a bhaineann le toghcháin ar an suíomh gréasáin, cuireadh le trédhearcacht agus díríodh níos mó ar chumas a thabhairt don phobal sonraí a bhaineann le toghcháin a iniúchadh ar bhealach níos tráthúla.

Ghlac an Coimisiún freisin leis an gcleachtas ina n-uaslódáiltear na tuairisceáin a chuireann páirtithe polaitiúla, comhaltaí an Oireachtais agus páirtithe eile ábhartha ar fáil ar a shuíomh gréasáin, sipo.ie.

Cé go gcuirtear an t-eolas i láthair ar bhealach éagsúil ó na tuarascálacha bliantúla "traidisiúnta", go háirithe maidir le cúrsaí airgeadais toghcháin, cuireann an cur chuige nua seo ar chumas an phobail rochtain níos fearr a fháil ar an eolas sin agus é a iniúchadh ar bhealach níos tráthúla.

Leanfaidh foireann an Choimisiúin d'athbhreithniú a dhéanamh ar a próisis agus a nósanna imeachta chun tuilleadh feabhsuithe a éascú ar fud gach réimse dá cuid oibre.

# Caibidil

# 4

# Rialachas Corparáideach

# Caibidil 4: Rialachas Corparáideach

Soláthraíonn Oifig an Ombudsman tacaíocht Seirbhísí Corparáideacha don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí agus do roinnt Oifigí reachtúla eile. Cé go ndéanann gach Oifig éagsúil feidhmeanna reachtúla ar leith, feidhmíonn an Oifig mar ghníomhaireacht chónasctha aonair i dtéarmaí eagrúcháin. Maoinítear an Oifig le Vóta amháin agus déanann Oifigeach Cuntasaíochta (Ard-Stiúrthóir) maoirseacht uirthi agus faigheann sé tacaíocht ó Choiste Comhairleach Bainistíochta. Agus iad i mbun a gcuid oibre, glacann ár bhfoireann leis na hoibleagáidí traidisiúnta maidir le príobháideacht agus ionracas agus iad ag comhlíonadh dualgas oifigiúil, agus san am céanna bíonn siad ag cosaint agus ag caomhnú neamhspleáchas reachtúil agus feidhmeanna gach ceann de na hoifigí comhpháirteacha ina n-oibríonn siad.

Tá nuashonruithe maidir lenár Rialachas Corparáideach leagtha amach ar an leathanach Straitéise agus Rialachais ar shuíomh gréasáin Oifig an Ombudsman. Cuimsíonn an leathanach seo faisnéis agus nuashonruithe maidir leis na nithe seo a leanas:

- Ráiteas Straitéise i dTreo 2030
- comhlíonadh na gceanglas faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla
- comhlíonadh cheanglais an Achta um Nochtadh Cosanta
- comhlíonadh na gceanglas faoi alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (an dualgas ar sheirbhísigh phoiblí i ndáil le cearta an duine (Dualgas na hEarnála Poiblí))
- An Fhoireann Ghlas (lena n-áirítear ár gcomhlíonadh leis an Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin)
- Creat Rialachais Chorparáidigh
- Beartas maidir le Cosc Calaoise agus maidir le Frith-Éilliú
- Beartas maidir le bronntanais, fáilteachas agus siamsaíocht
- Beartas maidir le Doras Imrothlach
- Tuarascáil maidir leis An Bhearna Phá Idir na hInscní

# Aguisín

# 1

## Tríú Páirtithe agus Deontóirí Corparáideacha arna gClárú in 2025

# Aguisín a hAon: Tríú Páirtithe agus Deontóirí Corparáideacha arna gClárú in 2025

### Liosta de thríú páirtithe a chuir tuairisceáin isteach in 2025

In 2025, scríobh Rúnaíocht an Choimisiúin chuig 12 Thríú Páirtí cláraithe agus d'iarr sí tuairisceáin orthu siúd a bhí páirteach i ngníomhaíocht inchláraithe mar Thríú páirtí in 2025.  Tá liosta thíos de na daoine a d'fhreagair agus rinne taifead ar a ngníomhaíocht le linn 2025.

- Comhghuaillíocht Cosanta An Teaghlaigh agus An Phósta.
- Atheist Ireland
- Charter Group
- Comhar Críostaí
- Family & Life
- Aistriú Cóir
- Comhairle Náisiúnta na mBan
- Aon Teaghlach
- People's Movement
- Pro-Life
- Rosa
- Páirtí Sóisialach

Liosta de Dheontóirí Corparáideacha Cláraithe in 2025

- ASTI
- Fianna Fáil
- An Comhaontas Glas
- Hydro-G
- Cumann Múinteoirí Éireann (INTO)
- Lagan Homes Ltd.
- Lagan Tarmac Ltd.
- Mid-West Tyres Ltd.
- Operational Supply Services Ltd.
- CSTGT
- Na Daonlathaithe Sóisialta

2026 © An Coimisiún um
Chaighdeáin in Oifigí Poiblí

Teileafón: (01) 6395666

Ríomhphost: info@sipo.ie

Suíomh gréasáin: www.sipo.ie